2027L571C2IS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Coimre Shamplach

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Tionscadal Gníomhaíochta

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

200 marc

## 1. Eolas d'iarrthóirí, do mhúinteoirí agus d'údarás na scoile

Gabhann dhá chomhpháirt leis an measúnú ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe san Ardteistiméireacht:

1. Scrúdú scríofa deiridh
2. Tionscadal gníomhaíochta.

Is fiú 200 marc an Tionscadal Gníomhaíochta, is é sin 40% de na marcanna iomlána do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe san Ardteistiméireacht. Is as an scrúdú scríofa deiridh a bhronntar na 300 marc (60%) eile.

Ní foláir an obair chúrsa a dhéanamh go hiomlán de réir na nósanna imeachta agus na gcoinníollacha atá leagtha amach sa choimre oibre cúrsa seo agus i Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Ní foláir an obair chúrsa a dhéanamh agus a chur faoi bhráid an mhúinteora ranga agus cuirfear faoi bhráid CSS ansin í (**Cuid 3**).

**An próiseas fíordheimhniúcháin**


Tá an próiseas fíordheimhniúcháin curtha i bhfeidhm ag CSS chun **sláine an phróisis scrúdaithe** agus **cothroime agus cothromas idir iarrthóirí** a chinntiú. Tá freagracht ar an iarrthóir, ar an múinteoir ranga agus ar údarás na scoile a chinntiú gurb iad na hiarrthóirí a ullmhóidh an obair chúrsa go leanúnach agus gurb í obair fhíordheimhneach na n-iarrthóirí sin a chuirfear faoi bhráid CSS ar deireadh. Tá eolas cuimsitheach i Rialacha agus Nósanna Imeachta CSS faoin bpróiseas fíordheimhniúcháin agus ní foláir an t-eolas sin a léamh agus déanamh dá réir. Is éard atá sa choimre seo ná an t-eolas agus na riachtanais a bhaineann go sonrach leis an ábhar chun Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh.

Táthar ag súil leis go ndéanfaidh na hiarrthóirí taighde agus imscrúdú mar chuid den obair chúrsa. Ionas go ndéanfaidh na hiarrthóirí go hiomlán de réir Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS, ní foláir dóibh tagairt a dhéanamh agus aitheantas a thabhairt dá bhfoinsí taighde, aon úsáid a bhaintear as intleacht shaorga ina measc, mar a leagtar amach in **Aguisíní 1 agus 2** de Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS. Measfar gur bradaíl aon ábhar nárbh é/í an t-iarrthóir a rinne é agus nach ndearnadh tagairt mar is ceart dó. Meastar gur falcaireacht é sin. Is sárú é sin ar rialacháin agus déanfaidh CSS imscrúdú air – féach **Cuid 15** de Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS. Is faoin iarrthóir, faoin múinteoir ranga agus faoi údarás na scoile a chinntiú gurb í obair fhíordheimhneach na n-iarrthóirí a chuirfear faoi bhráid CSS.

## 2. An dialann dhigiteach a chruthú

Is ortsa mar iarrthóir atá an fhreagracht do dhoiciméad digiteach a chruthú agus a bhainistiú chun dialann an tionscadail a dhéanamh. Cuireann CSS leathanach cumhdaigh ar fáil i bhformáid Microsoft Word (.docx) agus is féidir é sin a íoslódáil ó: Eolas faoi Scrúduithe - CSS.
Ní foláir duit an leathanach cumhdaigh a líonadh leis an eolas ábhartha go léir agus é a chur isteach mar an chéad leathanach de do dhoiciméad. Ní sholáthraíonn CSS aon leabhrán cur isteach ná aon teimpléad le haghaidh na dialainne; mar sin, is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil struchtúr agus formáid do dhialainne de réir na dtreoracha sa choimre seo (féach **Codanna 2**, **3** agus **6** ).

Ní foláir an leagan deiridh den doiciméad a thiontú go PDF sula gcuirfear faoi bhráid CSS é. Féadfaidh tú aon bhogearra próiseála focal oiriúnach a úsáid chun do dhialann a dhéanamh, ar choinníoll gur féidir leis an doiciméad a thiontú go PDF agus é críochnaithe. Moltar go mór duit cóip chúltaca a dhéanamh de do dhialann dhigiteach agus í a uasdátú go rialta ionas gur féidir leat í a úsáid má chailltear nó má thruaillítear an bhunchóip.




**Rialacha formáidithe na dialann**
Ní foláir duit cloí leis na rialacha formáidithe seo a leanas sa dialann a dhéanfaidh tú:

| | |
|---|---|
| Ceannteidil na gcodanna | Ba chóir gach cuid a shainaithint go soiléir agus a chur ar leathanach nua sa dialann.<br>Ba chóir an cló seo a leanas a úsáid sa cheannteideal:<br>Arial, dubh, méid 14 agus trom.<br>Féach **Cuid 6** le haghaidh ainmneacha cheannteidil na gcodanna. |
| Téacs an phríomhchoirp | Arial, dubh, méid 12 agus spásáil 1.5 idir na línte. |
| Gnéithe eagarthóireachta téacs atá ceadaithe | Trom, iodálach, uimhriú, agus urchair. |
| Gnéithe eagarthóireachta téacs **nach bhfuil** ceadaithe | Téacs daite (téacs dubh amháin) téacs aibhsithe, clónna éagsúla (Arial amháin). |
| Treoshuíomh na leathanach | Portráid amháin. |
| Uimhriú na leathanach | Bun gach leathanaigh sa lár. |
| Imill na leathanach | Imeall ar chlé 20 mm<br>Imeall ar dheis 20 mm<br>Imeall ar an mbarr 20 mm<br>Imeall ar an mbun 20 mm |
| Íomhánna, táblaí, graif | Féach **Cuid 6.** |

Tá líon focal leagtha síos don dialann agus ní foláir cloí leis sin. Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna má chuireann tú isteach ábhar a bhfuil níos mó ná an líon focal ceadaithe air.

## 3. An dialann oibre cúrsa a chur isteach

Nuair a bheidh do dhialann déanta agat ar an dáta deiridh nó roimhe, ní foláir duit déanamh de réir na gcéimeanna seo a leanas:

1. Tiontaigh do dhialann ina PDF. Is féidir é sin a dhéanamh ar fhormhór na mbogearraí próiseála focal.

2. Priontáil an leagan PDF de do dhialann agus léigh mar phrofa é chun a chinntiú go bhfuil do chuid oibre go léir le feiceáil. Aon obair nach mbeidh le feiceáil ar an gcóip phriontáilte sin, ní bheidh sí le feiceáil ag scrúdaitheoirí agus iad ag marcáil na hoibre go digiteach agus ní féidir aon mharcanna a bhronnadh uirthi mar sin.

3. Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil an chóip PDF den dialann atá priontáilte agat críochnaithe, ba chóir duit an leagan digiteach den dialann a chur faoi bhráid do mhúinteora ranga. Gach bliain, eisíonn CSS ciorclán maidir le Tairseach na Scoileanna, ciorclán ina leagtar amach an chaoi ar chóir duit do chomhad PDF a ainmniú i gceart, agus féadfaidh tú dul i gcomhairle le do mhúinteoir ranga faoin gcaoi ar féidir é sin a dhéanamh.

4. Ba chóir d'údarás na scoile leagan priontáilte de do dhialann deiridh agus cóip dhigiteach den dialann a choinneáil go sábháilte go dtí deireadh an phróisis achomhairc.

5. Ní foláir duit an próiseas fíordheimhniúcháin a chur i gcrích chun a dheimhniú gurb í do chuid oibre fíordheimhní féin atá sa dialann oibre cúrsa atá á cur isteach agus, chuige sin, Foirm Fíordheimhniúcháin CSS, P.2, a shíniú. Cuirfidh do mhúinteoir ranga an fhoirm sin ar fáil duit. Síneoidh do mhúinteoir ranga agus príomhoide na scoile an fhoirm sin freisin chun a dheimhniú go ndearna tú de réir an phróisis fíordheimhniúcháin.

6. Cuirfidh údarás na scoile do chuid oibre cúrsa faoi bhráid CSS trí Thairseach na Scoileanna. Gach bliain, eiseoidh CSS ciorclán ina mbeidh eolas sonrach faoi na hábhair a gcuirtear an obair chúrsa lena n-aghaidh isteach go digiteach trí Thairseach na Scoileanna.

**Achoimre ar na céimeanna chun do dhialann oibre cúrsa a dhéanamh agus a chur isteach**

1. Tiontaigh an dialann deiridh ina PDF
2. Priontáil an PDF den dialann oibre cúrsa deiridh agus léigh mar phrofa é
3. Cuir an leagan deiridh digiteach den dialann oibre cúrsa faoi bhráid an mhúinteora ranga
4. Coinneoidh údarás na scoile cóip dhigiteach agus cóip phriontáilte den dialann oibre cúrsa
5. Cuir an próiseas fíordheimhniúcháin i gcrích
6. Cuirfidh údarás na scoile an dialann faoi bhráid CSS

## 4. Do Thionscadal Gníomhaíochta a Chur i gCrích

Deis is ea an Tionscadal Gníomhaíochta tuiscint níos doimhne a fháil ar na coincheapa agus prionsabail a foghlaimíodh i rith an chúrsa agus, san am céanna, na straitéisí praiticiúla agus an smaointeoireacht a forbraíodh a chur i bhfeidhm ar mhaithe le gníomh a dhéanamh sa réimse de Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe.

Leis an Tionscadal Gníomhaíochta, ní mór duit taighde a dhéanamh ar cheist a bhaineann leis an topaic laistigh den choimre **seo** agus a aithint cé mar atá daoine eile tar éis dul i ngleic le ceist den chineál céanna. Ní mór duit do ghníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm agus meastóireacht agus machnamh a dhéanamh air chun dul i ngleic leis an gceist. Ba chóir duit Dialann Tionscadail Gníomhaíochta a choinneáil agus tú ag déanamh do thionscadail gníomhaíochta. Ní foláir duit do Dhialann Tionscadail Gníomhaíochta a chur faoi bhráid CSS le measúnú a dhéanamh uirthi.

Tá próiseas an Tionscadail Gníomhaíochta ceaptha a bheith ina chuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Ba chóir na hocht gcéim atá luaite thíos a bheith i gceist ann agus meastar go dtógfaidh sé suas le 20 uair an chloig é a chur i gcrích.

Céim 1: Machnamh a dhéanamh ar an gcoimre
Céim 2: Taighde a dhéanamh ar an topaic sa choimre
Céim 3: Taighde a dhéanamh ar ghníomh a rinne daoine eile
Céim 4: Cinneadh a dhéanamh ar an tsaincheist ar leith a dtabharfar aghaidh uirthi
Céim 5: Plean gníomhaíochta a chruthú
Céim 6: Gníomh a dhéanamh
Céim 7: Machnamh agus meastóireacht
Céim 8: Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta a thabhairt i gcrích

Léireoidh tú i nDialann an Tionscadail Gníomhaíochta a mhéid a d'éirigh leat an méid seo a leanas a dhéanamh:

- forbairt a dhéanamh ar an eolas agus ar an tuiscint ar an topaic sa tsochaí níos leithne.
- machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar raon leathan foinsí iontaofa chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a ndearna tú an gníomh a phleanáil, a dhearadh, agus a chur i gcrích.
- gníomh éifeachtach a dhéanamh a bhí cuí agus bailí.
- cumarsáid chuí shoiléir a dhéanamh, agus feasacht a léiriú i leith an phobail / na bpobal ar mhian leat dul i bhfeidhm orthu agus dul i ngleic leo.
- úsáid a bhaint as friotal agus téarmaíocht chomhleanúnach a bhí ag teacht le chéile agus tú ag cur an eolais i láthair.
- machnamh a dhéanamh le linn an tionscadail ar shaincheisteanna níos leithne a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe.

Tá eolas breise mionsonraithe maidir leis an Tionscadal Gníomhaíochta i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe agus maidir le Céimeanna 1-8 le fáil ó CNCM Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta.

## 5. An Choimre don Tionscadal Gníomhaíochta – Sampla


Déan Tionscadal Gníomhaíochta chun dul i ngleic le ceist atá bainteach leis an topaic seo a leanas agus déan Dialann Tionscadail Gníomhaíochta.

**Caillteanas Bithéagsúlachta**

Dúshlán is ea an caillteanas bithéagsúlachta a chaithfear a shárú má tá comhshaol folláin, inbhuanaithe i ndán dúinn; is gá gníomhú go háitiúil ar an gcaillteanas bithéagsúlachta.

"Tá níos mó feasachta ná riamh sa náisiún ar an gcaillteanas bithéagsúlachta agus ar a mhéid atá staid an chomhshaoil ar an bpláinéad ag dul i léig; in 2020, ba í Éire an dara tír ar domhan a d'fhógair éigeandáil aeráide agus bhithéagsúlachta. Tá 85% dár ngnáthóga cosanta agus 30% dár speicis chosanta i mbaol. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí tiomanta do níos mó a dhéanamh chun tacú le bithéagsúlacht *flora* agus *fauna* na hÉireann a chosaint."






## 6. Struchtúr Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta

Maidir le struchtúr Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta, ba chóir na ceithre chuid thíos a bheith inti, agus líon focal molta le gach ceann. Ba chóir duit na ceithre cheannteideal sin a chur ar na codanna i nDialann an Tionscadail Gníomhaíochta.

Níor cheart níos mó ná **1800 focal** ar an iomlán a bheith sa dialann, nó d'fhéadfá marcanna a chailleadh. Ní áirítear sa líon focal sin eolas as foinsí a luaitear nó foinsí a liostaítear ar an Leabharliosta (Cuid D).

Féadfaidh tú íomhánna oiriúnacha a úsáid i do dhialann chun tacú le do chumarsáid. Níor chóir níos mó ná **10 n-íomhá** a chur i do dhialann. Is mar theorainn, agus ní mar sprioc, ba chóir caitheamh leis an líon íomhánna atá ceadaithe.

Ba chóir íomhánna a chur isteach san áit a bhfuil siad oiriúnach agus aird chuí á tabhairt ar chumarsáid éifeachtach ábhartha. Níor chóir íomhánna a úsáid ar mhaithe le téacs breise a chur isteach. Tá sé inmholta gan íomhánna a úsáid a bhfuil duine nó daoine so-aitheanta iontu. Ní cheadaítear físeáin a úsáid.

Is ceadmhach graif, léaráidí, íomhánna, etc., a dhéanamh le bogearraí cuí, iad a ghabháil ó fhoinsí tánaisteacha, grianghraif a thógáil díobh go díreach, nó iad a tharraingt de láimh. Féadfar iad sin a leabú i do dhialann mar ghrianghraif nó mar ghabhálacha scáileáin páirteacha.

**Cuid A: Taighde mar bhonn eolais don ghníomh** **(350 focal)**

Ábhar táscach le cur san áireamh sa chuid seo:

- Teideal ar do Thionscadal Gníomhaíochta féin.
- Achoimre ar thorthaí taighde ag éirí as taighde a dhéanamh ar an topaic sa choimre.
- Liosta a chur ar fáil de ghrúpaí a rinne gníomh atá bainteach leis an topaic.
- Roghnaigh grúpa amháin a rinne gníomh.
    - Cosain an rogha a rinne tú.
    - Déan cur síos ar an ngníomh.
    - Tabhair anailís i dtaobh cé acu ba chuí an gníomh é chun aidhm an ghrúpa a bhaint amach nó nárbh ea.
    - Déan meastóireacht ar a mhéid a d'éirigh leis an ngníomh.

Déan cinnte de go gcuifidh tú san áireamh tagairtí iomlána sa chuid *Tagairtí agus Leabharliosta* ag deireadh na dialainne.

**Cuid B: Pleanáil don ghníomh agus gníomhú** **(900 focal)**

Ábhar táscach le cur san áireamh sa chuid seo:

- An fhís a bhí mar sprioc agat a bhaint amach agus a ábhartha is atá sé don topaic a bhfuil breac-chuntas le fáil air sa choimre.
- Gníomhartha féideartha a chuir tú san áireamh ar mhaithe leis an bhfís a bhí agat a bhaint amach agus cosaint ar an ngníomh a roghnaigh tú a dhéanamh.
- Breac-chuntas ar an gcaoi a ndearna do chuid taighde bonn eolais do do chuid pleanála.
- Cuntas soiléir ar spriocanna an tionscadail gníomhaíochta, na tascanna a roghnaíodh chun na spriocanna sin a bhaint amach, an amlíne agus an plean gníomhaíochta.
    - má tá obair i bpáirt le scoláirí eile i do rang/scoil i gceist leis an ngníomh, breac-cuntas ar an gcaoi ar pléadh an phleanáil don ghníomh i measc an ghrúpa.
    - Cur síos ar an ionchur sainiúil a bhí agat féin sa phleanáil agus leis an ngníomh a chur i gcrích.

**Cuid C: Machnamh agus meastóireacht** **(550 focal)**

Ábhar táscach le cur san áireamh sa chuid seo:

- Meastóireacht ar a mhéid a baineadh amach an fhís a bhí agat, agus cúiseanna mar thaca le do thuairim.
- Anailís chriticiúil ar na gnéithe éagsúla a bhain le do ghníomh, lena n-áirítear:
    - na rudaí ar éirigh go maith leo,
    - na dúshláin a tháinig chun cinn, agus
    - an chaoi a ndeachaigh tú i ngleic leo.
- Machnamh ar na léargais phearsanta agus ar an eolas a ghnóthaigh tú faoin gceist seo leis an tionscadal. Déan breithmheas ar an gcaoi ar tháinig athrú, b’fhéidir, ar na dearcthaí nó na luachanna a bhí agat féin nó ag daoine eile maidir leis an gceist.
- Breac-chuntas ar na scileanna a d’fhorbair tú de bharr do chuid oibre ar an tionscadal.
- Míniú gearr ar an rud a d’athrófá dá mbeifeá leis an tionscadal gníomhaíochta a dhéanamh arís, agus an fáth atá leis sin.

**Cuid D: Tagairtí agus leabharliosta**

- Tabhair eolas iomlán ar na tagairtí a baineadh as na foinsí go léir a chuir leis an taighde agus le Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta a scríobh, lena n-áirítear foinsí atá luaite i nDialann an Tionscadail Gníomhaíochta agus foinsí eile ar tháinig tú trasna orthu le linn an taighde.

## 7. Leithdháileadh na Marcanna

Tá 300 marc san iomlán ag gabháil le Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta. Nuair a dhéanfar marcáil ar do chuid oibre, cuirfear critéir mheasúnaithe i bhfeidhm, agus déanfar marcanna a leithdháileadh ar na gnéithe éagsúla de Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta mar a léirítear thíos.

| Leithdháileadh na Marcanna: | | |
|---|---|---|
| Cuid A | Taighde mar bhonn eolais don ghníomh | 30 marc |
| Cuid B | Pleanáil don ghníomh agus gníomhú | 70 marc |
| Cuid C | Machnamh agus meastóireacht | 60 marc |
| Cuid D | Tagairtí agus leabharliosta | |
| *Comhleanúnachas Foriomlán | Cumarsáid, nuálaíocht agus comhleanúnachas | 40 marc |

*Comhleanúnachas Foriomlán: ní cuid ar leith é de Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta. Bronntar marcanna as an gComhleanúnachas Foriomlán ar bhonn cháilíocht Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta ó thaobh eagar a bheith ar an ábhar agus é a bheith curtha in iúl go soiléir agus ag teacht le chéile mar a shonraítear sa choimre seo.

Admhálacha

Athfhriotal: Arna chur in oiriúint ó Oifig na nOibreacha Poiblí

Íomhánna: media.radiocms.net; tirlaningredients.com; agriland.ie; marine-ireland.ie